



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



Cruthaitheacht a Spreagadh

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

2024

Cruthaitheacht a Spreagadh

Intreoir na tuarascála

Buaicphointí 2024

Pobail Ildánacha

Cruinniú na nÓg

Tionscail Ildánacha

Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

Óige Ildánach

An Chruthaitheacht agus Sláinte agus Folláine

Éire Ildánach agus an tOileán Comhroinnte



Patrick O'Donovan T.D.

Réamhrá

Tá Éire Ildánach anois sa dara bliain dá chlár 5 bliana 2023-2027 agus an obair ar chuspóirí agus ar ghníomhartha an chláir faoi lán seoil.

Rinneadh réimsí nua de bheartais a fhorbairt agus a sheoladh, lena n-áirítear Treochlár do na Tionscail Chruthaitheacha Dhigiteacha. Tá sé seo dírithe ar réimsí nua fáis a dteastaíonn ón stát béim a chur orthu, mar shampla cluichí digiteacha, AR / VR agus dearadh straitéiseach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na healaíona, an chruthaitheacht agus an beartas cúraim sláinte. Tá an chosúlacht ar an bplean straitéiseach nua ina mbeidh Éire Ildánach, an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon páirteach go dtiocfaidh athrú straitéiseach sa réimse seo dá bharr.

Tá an obair a dhéanann na foirne Cultúir agus Cruthaitheachta sna húdaráis áitiúla ag cur go mór leis na caidrimh laistigh den rialtas áitiúil agus sa phobal i gcoitinne. Is iontach an tacaíocht a thugann na foirne Cultúir agus Cruthaitheachta d'obair na Roinne seo. In 2024, chonaiceamar an buntáiste a bhaineann le hOifigeach Rannpháirtíochta lánaimseartha ar leith le haghaidh Pobail Ildánacha a bheith i ngach údarás áitiúil chun cabhrú leis na Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta áitiúla 2023-2027 a chur i bhfeidhm go leanúnach. Tugann mo Roinn tacaíocht nach beag d'Éire Ildánach ag leibhéal na n-údarás áitiúil, rud a léiríonn tiomantas fadtéarmach ó thaobh cuidiú leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheach ar fud na tíre.

In 2024 thacaigh an Ciste um Chothú Óige Ildánach le grúpaí sonracha daoine óga, nach mbíonn a nguth le clos go minic.

Gheall an Taoiseach €6 mhilliún ó chiste an Oileáin Chomhroinnte d'Éire Ildánach thar thréimhse trí bliana. Is é an sprioc ná leas a bhaint as acmhainneacht iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta ar mhaithe le comhoibriú, nasc agus comhthuisctint ar an oileán a fheabhsú agus dul i mbun plé leis na pobail agus leis na traidisiúin ar fad chun teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte. Tá mé bródúil nuair a fheicim an obair atá déanta ag Éire Ildánach ó thaobh tús a chur le tionscadail fhiúntacha Oileáin Chomhroinnte i ngach réimse dá gclár in 2024, agus tá súil agam níos mó de sin a fheiceáil sna blianta atá amach romhainn.

Patrick O'Donovan T.D.

An tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt

A group of approximately ten children are posing for a photo in front of a large, multi-story building with a classical portico. The children are dressed in casual outdoor clothing, including jackets, sweaters, and a baseball cap. Several of the children are making hand gestures, such as the 'rock on' or 'devil horns' sign. The building behind them has a stone facade with columns and is partially covered in ivy. The text 'buairphointí 2024' is written in a white, cursive script across the middle of the image.

buairphointí 2024

Buachpointí

In 2024, bhí tionchar suntasach ag Éire Ildánach, ag tacú le breis agus 7,300 duine cruthaitheach, ag seachadadh 1,100 tionscadal pobail, agus ag gabháil do na milliúin ar fud an domhain trí thionscnaimh dhigiteacha agus chultúrtha. Shroich feachtas Spark na billiúin ar líne, agus mhéadaigh Cruinniú na nÓg a thionchar ar fud na tíre. Threisigh infheistíochtaí in údaráis áitiúla, an óige, gníomhaíocht ar son na haeráide, agus tionscadail an tOileán Comhroinnte cruthaitheacht mar chorraitheach ceangail, nuálaíochta agus forbairt sóisialta.



Tairgeadh deiseanna do **7,334** duine cruthaitheach faoi Phobail Ildánacha agus Cruinniú na nÓg



Cuireadh **1,100** tionscadal ar fáil trí Phobail Ildánacha



Tá **31** Oifigeach Rannpháirtíochta Pobail Ildánach ag feidhmiú i ngach údarás áitiúil



Cuireadh **1,300** imeacht ar siúl le haghaidh Chruinniú na nÓg



Foilsithe

Faoi thrácht ar an gclár 'After Midnight' ar CBS sna Stáit Aontaithe' Próifíl tugtha ar na meáin dhomhanta ar líne lena n-áirítear [The New York Times](#), [The Guardian](#), [TIME Magazine](#), [BBC](#), [Rolling Stone](#), [MSN](#), [The Journal](#) and [DJ Mag](#) mar aon leis na céadta eile.



1.9 billiún amharc ar TikTok, in úsáid i níos mó ná **100,000** físeán ar TikTok



156 milliún is maith liom, **12.8 milliún** comhroinnt agus os cionn **1 milliún** trácht (TikTok)



Uimhir 1 i gcairteacha iTunes na hÉireann, sna cairteacha oifigiúla de na 40 singil is fearr sa Ríocht Aontaithe



23 milliún is maith agus os cionn **133,000** trácht (Instagram)



567 billiún amharc ar TikTok, in úsáid i níos mó ná **171,000** spól ar TikTok



61 milliún sruth ar Spotify, áit bainte amach sna cairteacha sruthaithe i mbreis agus 15 tír ar fud an domhain. **76 milliún** sruth san iomlán idir na hardáin go léir.



15 milliún amharc ar YouTube



Os cionn **10 milliún** amharc ar X



Buaiteoir **Amhrán na Bliana** Dhuais Cheoil RTÉ Choice 2024



Pobail Ildánacha

Pobail Ildánacha

In 2024, le tacaíocht ón gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, d'earcaigh gach údarás áitiúil Oifigeach Rannpháirtíochta do Phobail Ildánacha. Tá an acmhainn seo thar a bheith tábhachtach mar a bhaineann le naisc a chruthú leis na pobail, Clár Éire Ildánach a bheith níos feiceálaí ag an leibhéal áitiúil agus leas a bhaint as an acmhainneacht chruthaitheach atá ar fáil go háitiúil. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh go leor infheistíochta sna húdaráis áitiúla chun tacú leis na *cuspoirí straitéiseacha 5 bliana atá sna Straitéisí Cultúir agus Cruthaitheachta* do na ceantair áitiúla.

In 2024, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, infheistíodh €5.8 milliún i bhfoirne cultúir agus cruthaitheachta na n-údarás áitiúil. Tríd an gcomhoibriú, d'éirigh le húdaráis áitiúla an chruthaitheacht a chur i bhfeidhm, go nuálach agus go comhoibríoch, mar straitéis a bhaineann leis an bhfolláine, leis an imeascadh sóisialta agus leis an bhforbairt eacnamaíoch.



€5.8 milliún

infheistithe i bhfoirne cultúir agus cruthaitheachta údaráis áitiúil



Cruinniú na nÓg

Dioscó Ciúin Chruinniú Déanach, Corcaigh



Seoladh Cruinniú na nÓg

Cruinniú na nÓg

In 2024 reáchtáladh Cruinniú na nÓg Dé Sathairn 15 Meitheamh agus bhí 1300 gníomhaíocht chruthaitheach saor in aisce ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga ar fud. an oileáin.

Den chéad uair, bhí sraith d'imeachtaí ar siúl déanach san oíche do dhaoine óga. Mar chuid de *Chruinniú Late* bhí dráma a cruthaíodh agus a léiríodh laistigh de 24 uair an chloig, san uaimh i Músaem Phort Láirge, taispeántas agus damhsa de chuid Rocky Horror Picture Show i Luimneach, díoscó ciúin i nDún Laoghaire agus in Uíbh Fhailí, agus oíche mic oscailte sa chlub grinn i mBaile Átha Cliath Theas.

In 2024, thug Cruinniú na nÓg gné bainteach leis an Oileán Comhroinnte isteach, lenar cothaíodh comhoibriú trasteorann agus rannpháirtíocht chruthaitheach i measc daoine óga ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Chuir trí chomhpháirtí straitéiseach imeachtaí ar fáil; Irish Street Arts Circus and Spectacle Network lena dtionscadal *Circus Explored*, GMC Beats a thug *Rhyme Island* dúinn, agus RTÉ Kids a chuir *This is Art!* ar fáil. I measc na n-imeachtaí eile bhí *Deep Dive Game Jam* inar tháinig daoine óga as Loch Garman agus Béal Feirste le chéile chun na saincheistanna coiteanna a bhaineann leis an gcomhshaol a iniúchadh, *Convergence*, ina raibh plé ar an tábhacht a bhaineann leis an gceangal cultúir, leis an éagsúlacht agus an mórtas áite i nDoire agus i dTamhlacht, agus iad ar fad á gceiliúradh trí imeacht nasctha le hionad óige i mBéal Feirste.

Tionscail Ildánacha





Cearclann Thumthach

Tionscail Ildánacha

Ar an 16 Eanáir 2024, sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Catherine Martin T.D., an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Simon Coveney T.D., agus an tAire Stáit um Athrú Digiteach, Dara Calleary T.D., Treochlár na dTionscal Cruthaitheach Digiteach 2024-26.

Arna fhorbairt ag Clár Éire Ildánach agus ag an Roinn Fiontar, féachann an Treochlár le tairbhe a bhaint as an acmhainneacht shoiléir a bhaineann leis na hearnálacha seo a réiteach don fhostaíocht inbhuanaithe agus sheasmhach, d'fhás na heaspórtála agus don fhorbairt réigiúnach.

Díríonn an Treochlár ar thrí earnáil ar leith sa tionscal cruthaitheach digiteach:



Earnálacha dearaidh tráchtála (lena n-áirítear dearadh tionsclaíoch, dearadh táirgí, cumarsáid amhairc, Ui/Ux, dearadh idirghníomhaíochta, dearadh seirbhíse agus dearadh straitéiseach)



Cluichí Digiteacha



Cruthú ábhair (lena n-áirítear fógraíocht agus brandáil, ábhar tráchtála sna meáin shóisialta, ábhar ilmheán d'fheidhmchláir shoghluaiste agus ábhar do na teicneolaíochtaí tumtha atá ag teacht chun cinn (AR agus VR))

Ar an 18 Aibreán, tionóladh an chéad cruinniú den chomhghrúpa oibre de chuid an rialtais d'earnáil na tionsclaíochta agus tionóladh trí chruinniú eile le linn an chuid eile den bhliain 2024. Is cuid dhílis den fhóram iad na comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar na tionscail atá san áireamh sa Treochlár agus tá clár oibre an fhórait á bhrú chun cinn go réamhghníomhach acu.

Chuir Éire Ildánach tacaíocht airgeadais ar fáil do dhá chomhlacht ionadaíocha – Institiúid na nDearthóirí in Éirinn, agus Eirmersive (a dhéanann ionadaíocht ar an AR/VR), chun dul i ngleic le hobair an Treochlár. Tá tacaíocht á tabhairt don dá chomhlacht ionadaíocha seo chun cur lena gcumas a bheith mar ghuth dá dtionscail.



Gníomhuí Crythaitheach ar son na hAeraide

Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide

In 2024, leanadh ar aghaidh le 42 tionscadal faoin dara Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide Cruthaitheach. Tionscnamh uathúil atá anseo. Cuireann sé an lucht cruthaitheacha ag obair i bpáirt le saineolaithe ar an eolaíocht aeráide, ar an inbhuanaitheacht agus ar an mbithéagsúlacht, agus bíonn siad ag iarraidh go dtiocfadh athrú ar an iompraíocht i measc pobail áite nó cleachtais.

Thug an Ciste tacaíocht do 23 tionscadal Splanc (Spark) (a fuair suas le €50,000) agus 16 thionscadal Spreag (Ignite) (a fuair suas le €250,000), i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tugadh tacaíocht do thrí thionscadal eile Spreag trí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte, i gcomhar le Roinn an Taoisigh. Fágann sé sin go bhfuil infheistíocht iomlán na Roinne i dtionscadail *Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide* ag €7.8 milliún, agus tacaíocht tugtha do 57 tionscadal éagsúil de chuid *Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide* ó 2021 i leith.

Thug an clár tacaíocht forbartha dá thionscadail, rud a chuir ar chumas na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheacha acmhainn a fhorbairt maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide agus tuiscint a fháil air. Cuireadh clár oiliúna tumtha ceithre lá ar fáil d'fhoirne an tionscadail, agus clúdaíodh topaicí ar nós *Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide* an rialtais, éascú cruthaitheach, meastóireacht ar thionscadail agus smaointeoireacht dearaidh. Chuidigh sé seo freisin le líonrú trasearnála agus le hionchur a fháil ó chomhghleacaithe sa Roinn Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus sa Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freisin.

Bhí gníomhaíochtaí tionscadail ar siúl ar fud na tíre in 2024, bhí na 23 tionscadal Splanc go léir críochnaithe faoi dheireadh na bliana, agus beidh na tionscadail eile de chuid Spreag ag leanúint ar aghaidh go dtí 2025. Ina measc seo tá:

Community Art Practice

I mí Aibreáin 2024, cuireadh oiliúint lae ar fáil san IMMA d'ealaíontóirí leabaithe ar fhoirne an tionscadail, rud a thug deis dóibh pobal cleachtais a bhunú agus staidéar a dhéanamh ar an léargas a fuair siad óna gcuid oibre roimhe seo ar an ngníomhú ar son na haeráide.

Shared learning

I mí Dheireadh Fómhair 2024, reáchtáladh comhdháil lae i Staidiam Aviva chun rogha de thionscadail a thaispeáint agus a raibh foghlamtha a roinnt i measc deontaithe eile agus oifigigh na Roinne.

I rith 2024, lean Clár Éire Ildánach ar aghaidh ag obair le taighdeoirí i MaREI UCC (Ionad Taighde SFI um Fhuinneamh, Aeráide agus Mara) ar an tionscnamh. Tá sé mar aidhm ag a gcuid taighde léargas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn le húsáid a bheith á baint as na hearnálacha ealaíon, cruthaitheacha agus cultúir chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Foilsíodh an Tuarascáil, Creative C-Change: Analysing the Impact of the Creative Climate Action Initiative on Climate Change Awareness, Engagement and Action in Ireland in 2023 chomh maith le 15 thuarascáil tionscadail mhionsonraithe orthu siúd a maoiníodh faoi Ghníomh Cruthaitheach ar son na hAeráide I. Beidh an dara leagan den taighde seo ar siúl go dtí 2025, agus beidh réamhthuarascáil ar fáil i mí an Mhárta 2025. Foilseofar tuarascáil deiridh go luath in 2026.

Dance Limerick

Tionscadal Dance Limerick, a chuireann litearthach aeráide chun cinn trí mheáin chruthaitheacha a bhfuil teacht go héasc orthu.

We Built this City

Chuaigh Breakdown Productions ar chamchuairt ar fud na hÉirinn, chun 'We Built this City on Rock and Coal', a thaispeáint agus úsáid á baint as amharclannaíocht thobchumtha agus as eolaithe chun spás a thabhairt do fhreagairtí mothúchánacha agus tochtmhara ar an ngéarchéim aeráide.

Tern the Tide

In Tern the Tide bhí comhoibriú ar bun le hlarnród Éireann agus le Cairde Éanlaith Éireann chun dealbh a thógáil timpeall ar an obair chaomhnaithe ar Choilíneacht na Geabhróige Bige atá ar bun ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra i gCill Chúil, Co. Chill Mhantáin.

Cascade

Maidir le Cascade i mBéal an Átha, is cuid eile é de thionscadal an Chiste um Ghníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide I Ripple, ina n-oibrítear le cónaitheoirí ag ceardlanna comhdhearaidh chun a gcuid a smaointe i dtaca le lánaí agus córais uisce an bhaile a athshamlú a roinnt.

Field Exchange

Tá 11 Ambasadóir Feirmeoireachta tugtha le chéile faoi Mhalartú Páirce 2024/2025 chun clár dhá bhliain a chur i gcrích, arna éascú ag ealaíontóirí, chun eolas a roinnt agus réitigh a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a mbíonn ar fheirmeoirí agus pobail faoin tuath dul i ngleic leo.

A group of young people, mostly Black, are in a dance studio or rehearsal space. They are wearing dark clothing. In the center, a young woman with long red braids and a white flower in her hair looks directly at the camera. To her left, another person with long white braids is in a dynamic pose. Other people are visible in the background, some with their arms raised. The text 'Óige Ildánach' is overlaid in a white, cursive font.

Óige Ildánach

Comhairle Dídeanaithe na hÉireann / Siompóisiam Ealaíona Óige Elevate



Merlin Woods Art Collective

Óige Ildánach

Tá sé mar aidhm ag Plean Óige Ildánach 2023-2027 leanúint lena chinntiú go bhfuil an chruthaitheacht i gcroílár an tsaoil ag leanaí agus daoine óga. Cuirtear an plean i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus leis an gComhairle Ealaíon.

Trí chomhoibriú leis na ranna rialtais ar fad agus le hearnálacha na n-ealaíon, an chultúir, na cruthaitheachta agus na hóige, tá an plean ag infheistiú i gcruthaitheacht na ndaoine óga i ngach réimse den oideachais, de na pobail, san obair óige agus sa bhaile. Is féidir breathnú ar an raon fairsing atá ag Plean Óige Ildánach anseo.

Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte

Seoladh an scéim maoinithe *Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte* agus buiséad €1 mhilliún aici. Roghnaíodh sé thionscadal chun daoine óga a thabhairt le chéile ó ar fud oileán na hÉireann chun tabhairt faoin gcomhar cruthaitheach. I measc na dtionscadal tá malartú scéalta miotasacha, paráidí bunaidh a chruthú, tionscadail chónaithe chun ceol a chumadh go tapa, scéalaíocht, agus léirithe amharclainne idirghníomhacha.

Cistí Cothaithe

Lean naoi dtionscadal *Cistí Cothaithe* ar aghaidh chun podchraoltaí, amharclannaíocht, seisiúin agus damhsa a chruthú le grúpaí éagsúla de dhaoine óga.

Comhpháirtíochtaí Óige Ildánach Áitiúla

Shroich seacht gcinn de na Comhpháirtíochtaí Óige Ildánach Áitiúla daoine óga i gceartlár a bpobail chun eispéiris agus scileanna cruthaitheacha a chur ar fáil ar nós an *Call and Response Festival* ar fud Luimnigh agus an Chláir. Cinntíonn cláir ar nós *Scoileanna Ildánacha* agus *Braislí Ildánacha* go mbíonn an chruthaitheacht leabaithe i dtimpeallachtaí foghlama na ndaltaí. Lean an scéim phíolótach *Na hEalaíona sa Luathfhoghlaim agus i gCúram Leanaí* ar aghaidh in 2025, ag oibriú i bpáirt le healaíontóirí in ionaid luathfhoghlama agus cúraim leanaí in aois scoile.

Scoileanna Ildánacha

Chuaigh 183 scoil isteach i mbabhta 2024 de Scoileanna Ildánacha, chomh maith le 138 (42 braisle) le haghaidh Braislí Ildánacha agus 425 le haghaidh BLAST. Áirítear ar na tuarascálacha is déanaí Fighting Words Story Seeds Evaluation, Tuarascáil Óige Ildánach Kinia agus tuarascáil the Big Idea report agus is féidir iad a fháil anseo.

“Shíl mé nach raibh i gceist leis an gcruthaitheacht ach a bheidh ag cruthú rud éigin. Ach anois ceapaim go bhfuil an-bhaint aige freisin leis an meabhair agus le bheith ag féachaint ar rudaí ar bhealaí úra.”

Duine a ghlac páirt sa *Big Idea*

A photograph of a man with a beard and short hair, wearing a white shirt and a grey vest, playing a ukulele. He is standing and facing a group of elderly people seated in a room. One woman in the foreground is wearing a leopard print top and is seated in a wheelchair. Another woman next to her is wearing a light-colored top and is also seated. The man is smiling and looking towards the residents. The background shows a simple room with light-colored walls and some furniture.

An Chruthaitheacht agus Sláinte agus Folláine

An Chruthaitheacht agus Sláinte agus Folláine

I dtús na bliana 2024, d'eisigh Éire Ildánach glao deontais dá chomhpháirtithe sna húdaráis áitiúla do thionscadail chruthaitheacha sláinte agus folláine ina raibh cohórt éagsúil ar fud na tíre páirteach. Den chéad uair, lorgaíomar tionscadail a mbeadh comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann páirteach iontu, ar bhonn Oileán Comhroinnte.

Ba é an aidhm a bhí ann tacú le tionscadail ó na foirne cultúir agus cruthaitheachta in Údaráis Áitiúla, i gcomhpháirtíocht lena gcomhghleacaithe in *Éire Shláintiúil* chun cumhacht na cruthaitheachta a threisiú chun sláinte agus folláine daoine a fheabhsú. Tá tacaíocht á tabhairt in 2024 agus in 2025 do chúig thionscadal déag a bhfuil 22 Údarás Áitiúil páirteach iontu. Tá 11 acu sin sa deisceart agus 4 cinn acu ar Bhonn Oileán Comhroinnte. I measc na dtéamaí, tá tionscadail ann de chuid na gCaiféanna Cruthaitheacha a thugann aghaidh ar an aonrú sóisialta, bealaí cruthaitheacha do dhaoine atá faoi bhuairt, chomh maith le gníomhaíochtaí taobh amuigh do dhaoine óga. Is féidir na sonraí ar fad faoi na tionscadail a fháil ar an [suíomh gréasáin](#). Agus trínár mblaganna tionscadail [anseo](#).

Léirithe ceoil bheo in áiteanna cúram sláinte

Thacaigh Éire Ildánach agus an Roinn Sláinte le taibhithe ceoil beo i suíomhanna cúraim sláinte ar fud na tíre, ag leanúint ar aghaidh leis an gclár rathúil i dtithe altranais a tosaíodh le linn na paindéime. In 2024, bhí léirithe ceoil beo ar siúl i 60 teach altranais ar fud na tíre agus iad éascaithe ag na foirne Sláinte agus Folláine in 11 Údarás Áitiúil.

Clúdaíodh limistéar mór tíreolaíochta ó Bhun Cranncha i gContae Dhún na nGall go dtí Garrán na mBráthar i gContae Chorcaí, agus ó Acaill i gContae Mhaigh Eo go dtí Ros Mhic Thríúin i gContae Loch Garman. Tugadh meastóireacht chuimsitheach ar an gclár chun críche in 2024 agus tá na tionchair dhearfacha mar bhonn eolais faoin gcinneadh leanúint leis an tionscnamh seo go dtí 2025. Is féidir an tuarascáil a fháil ar an [suíomh gréasáin anseo](#).



€1.37M
Maoiniú a leithdháileadh



28
Údarás Áitiúil ag glacadh páirt



30
Comhshaothar ceoil



61
Clár ceoil



30,000
Duine ag éisteacht le / ag féachaint ar léiritheoirí



Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht

Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht

Thacaigh Éire Ildánach, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon, le comhdháil i mí na Samhna chun ardán a thabhairt do thorthaí an tionscnaimh phíolótaigh *Folláine an Lucht Siúil tríd an gCruthaitheacht*. Ba é an cuspóir a bhain leis an tionscnamh nuálach seo ná tacú le tionscadail chruthaitheacha a raibh tionchar dearfach acu ar shláinte agus ar fholláine phobal an Lucht Siúil. Leagadh béim i [meastóireacht ar an tionscadal píolótach](#) ar na tionchair dhearfacha, agus tarraingíodh aird freisin ar réimsí ina raibh gá le feabhas dá ndéanfaí an tionscnamh píolótach a phríomhshruthú. Tá FSS agus an Chomhairle Ealaíon ag obair le chéile chun todhchaí an chláir a leagan amach agus seolfar é in 2025.

Meitheal Ealaíon agus Sláinte

Seoladh Grúpa Oibre athchóirithe i dtaca leis na hEalaíona agus an tSláinte, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Chomhairle Ealaíon ag deireadh na bliana 2024. Tá ráiteas comhpháirteach maidir le beartais do na healaíona cruthaitheacha agus don tsláinte in Éirinn aontaithe

Is í an fhís atá againn don chomhpháirtíocht seo ar bheartais ealaíon agus sláinte ná: Go mbeadh rochtain ag daoine atá ina gcónaí in Éirinn ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúir mar chuid de thuras sláinte iomlánaíoch ar feadh saoil, chun go mbeidh torthaí sláinte agus folláine níos fearr acu agus leis an tírdhreach cruthaitheach agus ealaíona a shaibhriú.

An tOileán Comhroinnte



Shared Island
Initiative

Artists Farm Walk Fermanagh



Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte

Éire Ildánach agus an tOileán Comhroinnte

Tá tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte / Éire Ildánach ag tacú le 23 tionscnamh faoi láthair thar 4 cholún de Chlár Éire Ildánach chomh maith le hinfheistíocht leanúnach a dhéanamh i gCruinniú na nÓg le comhpháirtithe straitéiseacha agus leis na húdaráis áitiúla.

Pobail

Tá maoiniú €850,000 faighte ag naoi n-údarás áitiúil le haghaidh naoi dtionscadal faoin nglao deontais do Phobail Ildánacha ar Oileán Comhroinnte 2023-2025. Mar shampla, is tionscadal é *Birds of a Feather*, a thugann mná ó chúlraí éagsúla le chéile: Caitlicigh, Protastúnaigh, náisiúnaithe, dílseoirí, mionlaigh eitneacha, Lucht Siúil, lucht oibre lár cathrach, oileánaigh agus daoine faoi mhíchumas fisiciúil nó a bhfuil néaltrú éadrom orthu trí ghníomhaíochtaí chomhroinnte na ceardaíochta – traidisiúnta chomh maith le comhaimseartha. Tá na cuairteanna ar Inis, Béal Átha na Sluaighe, Inis Bó Finne agus Béal Feirste tar éis na cairdis a dhaingniú.

Cruinniú na nÓg

Agus muid ag obair le Comhpháirtithe Straitéiseacha agus le húdaráis áitiúla chun imeachtaí a chur ar fáil idir Bealtaine agus Meitheamh 2024, lean an chumarsáid idir piaraí ag neartú na gcaidreaamh don todhchaí trí Circus Explored agus Rhyme Island, agus €528,000 san iomlán caite go dtí seo. Tá glao deontais ar mhaoiniú ilbhliantúil do chomhpháirtithe straitéiseacha á mheas faoi láthair.

An Óige

Bronnadh €1,070,112 ar shé thionscnamh chruthaitheacha do pháistí agus do dhaoine óga le linn 2024 agus 2025, idir scéalta miotasacha a mhalartú, paráidí bunaidh a chruthú, tionscadail chónaithe chun ceol a chumadh go tapa, scéalaíocht agus léirithe amharclannaíochta idirghníomhacha. Ina theannta sin, cuireadh oiliúint ar fáil do dheontaithe a bhain le rannpháirtíocht na hóige, meastóireacht agus seachadadh tionscadail.

An Aeráid

Tá €734,515 ar fáil chun tacú le trí thionscadal Cruthaitheach um Ghníomhú ar son na hAeráide thar dhá bhliain 2024-2025. Tacaíonn an infheistíocht ar bhealach gníomhach le trí thionscadal chruthaitheacha, cultúir agus ealaíonta a chothaíonn feasacht maidir leis an athrú aeráide agus a thugann cumhacht do shaoránaigh athruithe suntasacha a chur ar a n-iompraíocht. Is iad na tionscadail ná - (i) Diverously Together (ii) Shifting Tides and Sea Change: Creative Coastal Conversations (iii) Creative Boardroom: Collaborate4Climate

Sláinte agus Folláine

Tá €265,133 ar fáil chun tacú le ceithre chomhpháirtíocht ealaíon agus sláinte trasteorann faoi stiúir Údarás Áitiúil, agus é i gceist, faoi réir próisis bhuiséadacha, an tacaíocht chéanna a chur ar fáil in 2025. Baineann na tionscadail le hoideas sóisialta, cuimsiú sóisialta, cur chun cinn na sláinte, tacú le daoine a bhfuil néaltrú orthu agus le daoine ag deireadh a saoil agus le méala. Baineann an scéim leas as an gcumas atá ag Éire Ildánach cuidiú le cuspóirí Éire Shláintiúil a chur chun cinn.

ár mbuiochas



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



I gcóir tuilleadh eolais faoi chlár Éire Ildánach téigh chuig
www.creativeireland.gov.ie

